



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
State Claims Agency



Association of Community
and Comprehensive Schools
Cumann na Scoileanna Pobail
agus Cuimsitheacha

An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát Treoir i leith an Chláir Taithí Oibre do Scoláirí

I gcomhar le Cumann na Scoileanna
Pobail agus Cuimsitheacha

Dáta: Samhain 2022



© An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha 2022

Ullmhaíodh an tuarascáil seo le haghaidh Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha a thagann faoi shainchúram na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát (arna bunú leis an Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000) agus atá ina gcomhaltaí de Chumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha, agus lena n-aghaidh siúd amháin. Ní bheidh an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ná Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha freagrach as úsáid a bhainfidh aon tríú páirtí eile as an doiciméad ná as aon bhrath a dhéanfaidh aon tríú páirtí eile air ar bhealach ar bith.

Clár na nÁbhar

1.0 Réamhrá	3
2.0 Róil agus Freagrachtaí	4
3.0 Slánaíocht Stáit agus Árachas	6
4.0 Cláir Taithí Oibre a Bhainistiú	7
5.0 Tionóiscí a Thuairisciú	10
Aguisín A: Treoirbhileog d'Óstfhostóirí	11
Aguisín B: Bileog Achomair maidir leis an Taithí Oibre	12
Aguisín C: Seicliosta Measúnaithe ar Riosca roimh an Taithí Oibre	13

1.0 Réamhrá

Faoi chlár taithí oibre, faigheann scoláirí taithí luachmhar ar an timpeallacht oibre agus cuidítear leo taithí phraiticiúil a fháil, roghanna gairme a dhéanamh agus a scileanna tionscail a fhorbairt. Is minic gur le linn na taithí oibre a chuireann scoláirí aithne den chéad uair ar an timpeallacht oibre, agus ní mór dea-ullmhúchán agus dea-eagrúchán a dhéanamh ar chlár taithí oibre ionas go mbeidh na deiseanna sin fóinteach agus go mbeidh na scoláirí slán sábháilte. Cabhróidh an treoirdhoiciméad seo le Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha agus iad ag ullmhú i gcomhair clár taithí oibre agus ag cinntiú go bhfuil na rialuithe riachtanacha i bhfeidhm i dtaobh rioscaí a bhainistiú.

Tairbhe i gcás scoláirí

Leis na clár taithí oibre, bíonn an deis ag scoláirí:

- Féachaint ar thascanna éagsúla á gcur i gcrích san ionad oibre.
- Cur lena gcuid eolais agus lena gcuid tuisceana agus iad a ullmhú i gcomhair an tsaoil oibre.
- Dul i mbun obair faoi mhaoirseacht a oireann dá leibhéal scile.
- Féachaint cé na tionscail a bhfuil suim acu iontu.
- Conairí féideartha gairme a fhiosrú.
- Scileanna a fhorbairt le haghaidh na fostaíochta amach anseo.

Tairbhe i gcás óstfhostóirí

Leis an rannpháirtíocht i gclár taithí oibre, bíonn an deis ag fostóirí:

- Páirt a ghlacadh in oideachas agus i bhforbairt ghairme daoine óga sa phobal.
- Cabhrú le daoine óga conairí gairme féideartha a mheas.
- Daoine óga a bhfuil acmhainneacht acu dá dtionscal a shainaitheint agus bealaí earcaíochta a fhorbairt don am atá le teacht.
- A naisc leis an bpobal a neartú agus cur leis an iomrá atá orthu i saol an ghnó.
- Scileanna maoirseachta, oiliúna agus meantóireachta a mball foirne a neartú.

Clár taithí oibre

- **An Idirbhliain:** Glacann na scoláirí páirt i scéim taithí oibre agus iad san Idirbhliain. Déanann roinnt scoileanna an taithí oibre thar thréimhse dhá sheachtain agus tá scoileanna eile ann ina ndéantar an taithí oibre lá amháin sa tseachtain le linn na scoilbhliana.
- **Gairmchlár na hArdteistiméireachta:** Is deis bhreise é an Gairmchlár a thagann faoi chreat na hArdteistiméireachta. Is é is aidhm leis meon fiontraíochta agus tionscnaimh a chothú i measc scoláirí agus a scileanna idirphearsanta, gairme agus teicneolaíochta a fhorbairt. Modúl roghnach den Ghairmchlár is ea an taithí oibre agus seachtain a bhíonn i gceist leis an modúl sin.
- **An Ardteistiméireacht Fheidhmeach:** Ní mór do scoláirí atá ag gabháil don Ardteistiméireacht Fheidhmeach dhá mhodúl taithí oibre a dhéanamh le linn an chláir dhá bhliain. Déanann roinnt scoileanna an taithí oibre thar thréimhse dhá sheachtain agus tá scoileanna eile ann ina ndéantar taithí oibre lá amháin sa tseachtain le linn na scoilbhliana.
- **Clár Iar-Ardteistiméireachta:** Is clár lánaimseartha é an Clár Iar-Ardteistiméireachta do scoláirí a bhfuil an ardteistiméireacht déanta acu, agus tá sé dírithe ar a gcuid scileanna a fhorbairt i gcomhair cáilíocht a aithnítear sa tionscal. Is minic a théann scoláirí i mbun clár taithí oibre a sheasann ar feadh roinnt seachtainí nó freastalaíonn roinnt scoláirí ar an socrúchán taithí oibre ar feadh lá amháin in aghaidh na seachtaine.

2.0 Róil agus Freagrachtaí

Róil agus freagrachtaí na scoile

- Measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá na scoláirí chun páirt a ghlacadh i ngach clár.
- Féachaint chuige go n-oireann an taithí oibre don scoláire atá i gceist agus a bheith deimhin de nach mbeidh an scoláire i mbaol gortú nó díobháil intuatha.
- Duine a ainmniú chun feidhmiú mar theagmhálaí thar ceann na scoile ó thaobh taithí oibre a mhaoirsiú agus a chomhordú.
- Roimh an taithí oibre, scoláirí a chur ar an eolas faoi:
 - aidhmeanna na taithí oibre.
 - na freagrachtaí a bheidh orthu agus iad i mbun taithí oibre.
 - caighdeáin iompraíochta inghlactha.
 - na cineálacha gníomhaíochtaí nár cheart dóibh páirt a ghlacadh iontu.
 - na nósanna imeachta atá le leanúint má bhíonn aon deacrachtaí acu agus iad i mbun taithí oibre.
 - nósanna imeachta araíonachta.
- Torthaí foghlama na taithí oibre a shainiú i dtéarmaí eolais, scileanna agus iniúlachtaí atá le gnóthú agus faisnéis a thabhairt don óstfhostóir ar chuspóirí agus ceanglais atá leagtha síos i leith na taithí oibre.
- Féachaint chuige go ndéanfar gníomh láithreach má dhéanann an t-óstfhostóir nó an scoláire gearán.
- A chinntiú go bhfuil ráiteas sábháilteachta, measúnuithe riosca agus árachas ag óstfhostóirí.
- An t-óstfhostóir a chur ar an eolas faoi aon riochtaí leighis a d'fhéadfadh cur isteach ar shábháilteacht agus sláinte an scoláire agus é nó í i mbun taithí oibre.
- Sonraí teagmhála éigeandála a thabhairt don óstfhostóir.

Róil agus freagrachtaí an óstfhostóra

- Timpeallacht shábháilte a chur ar fáil san ionad oibre.
- Tascanna agus freagrachtaí a leagan ar na scoláirí chun teacht lena gcumas agus lena gculpóirí foghlama agus féachaint chuige go bhfuil trealamh cuí agus tacaíocht chuí ar fáil.
- Féachaint chuige go ndéanfar measúnú riosca leordhóthanach ar thascanna a mbeidh an scoláire ag gabháil dóibh agus go gcuirfear na rialuithe riachtanacha i bhfeidhm. Ní mó an dualgas seo ná an gnáthcheanglas a bhíonn ar fhostóirí measúnú riosca a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a dhéanann na fostaithe. Cé go mbeidh an scoil fós freagrach as scoláirí agus iad i mbun taithí oibre, beidh na freagrachtaí céanna sin ar an óstfhostóir as a sábháilteacht agus a sláinte a fhad agus a bheidh an scoláire ar áitreabh an fhostóra.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh grinnfhiosrúchán/seiceáil an Gharda Síochána de dhíth i gcúinsí áirithe – ba cheart ceanglas a leagan síos le linn an mheasúnaithe riosca. Féach an seicliosta measúnaithe atá le déanamh roimh an taithí oibre ar leathanach 18.
- Ba chóir maoirseacht chuí a dhéanamh ar scoláirí i gcónaí, faoi réir thoradh an mheasúnaithe riosca agus ar an mbonn nach bhfuil an t-eolas, an oiliúint fhoirmiúil ná an taithí atá riachtanach ag na scoláirí sin.
- Ní mór oiliúint ionduchtúcháin chuí, ar a laghad, a chur ar scoláirí a bheidh ag tabhairt faoin taithí oibre. Ní ceadmhach do scoláirí tabhairt faoi, ná ceangal a bheith orthu tabhairt faoi, aon ghníomhaíocht ná dualgas a mbeadh oiliúint bhreise ag teastáil ina leith e.g. innealra/trealamh a oibriú etc. beag beann ar an taithí phearsanta atá acu lasmuigh de na cláir seo.
- Toisc go mbeidh roinnt scoláirí atá ag tabhairt faoin taithí oibre faoi bhun 18 bliana d'aois agus, i gcásanna áirithe, go bhféadfaidís a bheith faoi bhun 16 bliana d'aois, ba cheart d'óstfhostóirí a chinntiú gur eol dóibh cé na freagrachtaí atá orthu faoin *Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996*, faoi *Sceideal 7 de na*

Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007, agus faoin reachtaíocht um chosaint leanaí, etc.

- Féachaint chuige go ndéanfar freastal ar riachtanais an scoláire leis an taithí oibre.
- Ráiteas sábháilteachta agus clúdach árachais imleor a bheith i bhfeidhm.
- Tuairisciú láithreach don scoil faoi aon tionóisc a raibh an scoláire bainteach léi.
- An scoil a chur ar an eolas faoi aon fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil leis an taithí oibre.
- Foirm mheastóireachta ar an taithí oibre a líonadh isteach ag deireadh an chláir.

Róil agus freagrachtaí an scoláire

- Cloí le rialacha agus rialacháin an óstfhostóra, lena ghnáthuaireanta oibre, a chód iompraíochta agus a rialacha rúndachta, etc.
- Féachaint chuige go mbeidh sé nó sí féin slán sábháilte, agus go mbeidh daoine eile slán sábháilte freisin ina gcás siúd a bhféadfadh gníomhartha an scoláire dul i bhfeidhm orthu.
- A chinntiú go líonfar isteach gach foirm ábhartha i gcomhairle leis an scoil agus leis an óstfhostóir.
- Gan páirt a ghlacadh in aon ghníomhaíochtaí a dteastaíonn sainoiliúint ina leith beag beann ar thaithí phearsanta an scoláire lasmuigh de na cláir sin.
- Treoracha a leanúint, úsáid a bhaint as aon trealamh sábháilteachta atá ar fáil agus páirt a ghlacadh san oiliúint ábhartha.
- Aon chúis imní faoi shábháilteacht agus sláinte a phlé leis an óstfhostóir agus le teagmhálaí na scoile agus iad a chur ar an eolas faoi aon tionóisc nó tinneas a cheapann tú a bhféadfadh baint a bheith acu leis an obair.

3.0 Slánaíocht Stáit agus Árachas

Slánaíocht Stáit

Faoin [Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta \(Leasú\), 2000](#) déantar an bhainistíocht ar éilimh i ndáil le díobháil phearsanta agus damáiste do mhaoin tríú páirtí, ar éilimh iad a bhaineann le Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha, a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN). Soláthraíonn GBCN seirbhísí bainistíochta riosca gaolmhara freisin. Agus na feidhmeanna sin á gcomhlíonadh, tugtar [an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát](#) ar GBCN.

Mar sin, ní cheannaíonn Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha árachas i leith díobháil phearsanta agus damáiste do mhaoin tríú páirtí agus ní gá dóibh costais phréimhe ina leith sin a iompar mar go gclúdaítear i leith na rioscaí sin iad trí shlánaíocht Stáit. Feidhmíonn an tslánaíocht sin ar bhonn ‘íoc mar a úsáidtear’ ionas gur ó bhuiséad na Roinne Oideachais agus Scoileanna a íocfar na costais go léir a bhaineann le héilimh i leith díobháil phearsanta agus damáiste do mhaoin tríú páirtí, trí chóras aisíocaíochta arna oibriú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Leagtar amach thíos na príomhphrionsabail a bhaineann le slánaíocht Stáit:

- Tá slánaíocht Stáit gan teorainn i dtaobh méide.
- Níl feidhm ag slánaíocht Stáit ach amháin i gcásanna ina mbeidh Pobalscoil nó Scoil Chuimsitheach faillitheach.
- Ní hionann slánaíocht Stáit agus gnáthárachas; cumhdaítear sa reachtaíocht í agus mar sin ní bheidh uimhir pholasaí ná dáta éaga ag gabháil léi agus níl aon cheanglas ann páirtithe slánaithe a ainmniú.
- Eisítear ráiteas deimhnithe maidir le slánaíocht Stáit mar chruthúnas ar shlánaíocht Stáit in ionad polasaí árachais.
- Féach an lámhleabhar *Governance Manual for Community and Comprehensive Schools* [Lámhleabhar Rialachais do Scoileanna Pobail agus do Scoileanna Cuimsitheacha] i gcomhair a thuilleadh eolais faoi shlánaíocht Stáit.

Árachas na n-óstfhostóirí

Cé go ndéanann slánaíocht Stáit Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha a shlánú as éilimh a bhaineann le faillí na scoile, ní chlúdaítear faillí óstfhostóirí léi. Mar is gnách, bíonn óstfhostóirí freagrach as a gcuid faillí féin agus ba cheart árachas a bheith acu chun na rioscaí sin a chlúdach. Tá an t-ionad oibre agus na gníomhaíochtaí a dhéantar ann faoi rialú an óstfhostóra. Bítear ag súil leis go mbeidh dliteanas fostóra imleor (níl gá leis i gcás duine féinfhostaithe) agus árachas dliteanais phoiblí imleor ag óstfhostóirí.

Árachas tionóisce pearsanta

Is polasaí cúitimh gan locht é árachas tionóisce pearsanta a thógann tuismitheoirí amach, trí scéim a bhainistíonn an scoil de ghnáth. Íocann na tuismitheoirí préimh bheag lena gclúdaítear costais leighis tosaigh áirithe i gcás gortú a bhaintear dá leanbh. Ní bhíonn polasaithe tionóisce pearsanta bunaithe ar fhaillí agus íoctar suim chúitimh nuair a tharlaíonn teagmhas áirithe, ar choinníoll nár ghníomh toiliúil ar thaobh an éilitheora é. Molann an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát an clúdach sin a bheith ag gach scoláire. Ba chóir do Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha a chinntiú go gclúdaíonn an t-árachas tionóisce pearsanta na scoláirí agus iad i mbun taithí oibre.

Teorainneacha dlínse agus teorainneacha críochacha


Leagtar síos teorainneacha dlínse na slánaíochta Stáit faoi na hAchtanna um Dhlínte Cúirteanna agus Forghníomhnú Breithiúnas de chuid Phoblacht na hÉireann. Níl aon teorainneacha dlínse ná teorainneacha críochacha ann maidir le scoláirí/baill foirne a ghlacann páirt i dtaithe oibre thar lear mar chuid de chlár taithí oibre a scoile féin. Ba chóir a gclúdach árachais taistil agus árachais tionóisce pearsanta féin a bheith ag gach scoláire, áfach, i leith na tíre a dtabharfaidh siad cuairt uirthi.

Seirbhísí bainistíochta riosca a sholáthraíonn an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát seirbhís bainistíochta rioscaí do Scoileanna Pobail agus do Scoileanna Cuimsitheacha. Mura bhfuil Scoil Phobail nó Scoil Chuimsitheach cinnte an bhfuil feidhm ag slánaíocht Stáit nó má tá treoir faoi bhainistíocht riosca ag teastáil, déan teagmháil leis an Aonad Bainistíochta Riosca Fiontair ag stateclaims@ntma.ie

4.0 Cláir Taithí Oibre a Bhainistiú

Is minic gur le linn an chláir taithí oibre a chuireann scoláirí aithne den chéad uair ar an timpeallacht oibre, agus ní mór dea-ullmhúchán agus dea-eagrúchán a dhéanamh ar an taithí oibre ionas go mbeidh na deiseanna sin fóinteach agus go mbeidh na scoláirí slán sábháilte. An dualgas ginearálta cúraim atá ar scoileanna i leith a gcuid scoláirí, cumhdaítear leis an taithí oibre a shocrú agus dá bhrí sin tá freagracht ar scoileanna maidir lena chinntiú go ndéanfar bearta réasúnacha chun sábháilteacht agus sláinte a gcuid scoláirí a chinntiú. Tá scoileanna freagrach as a chinneadh an bhfuil an taithí oibre oiriúnach, as scoláirí a ullmhú don fhoghlaim san ionad oibre, as monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus leas an scoláire le linn na taithí oibre agus as obair leantach a dhéanamh leo i leith na taithí oibre nuair a bheidh sí thart. Leis na céimeanna a leagtar amach thíos, cinntítear go gcuirtear i bhfeidhm na rialuithe riachtanacha bainistíochta riosca agus cláir taithí oibre á n-eagrú.



Fíor 1: Na príomhchéimeanna chun taithí oibre a eagrú agus a bhainistiú

Céim 1: Ceap teagmhálaí i leith na taithí oibre

Ba chóir do scoileanna teagmhálaí a cheapadh le haghaidh gach cláir taithí oibre. Bíonn an teagmhálaí freagrach as a chinntiú go ndéanfar taithí oibre gach scoláire a phleanáil agus a eagrú go cuí. D'fhéadfadh sé gur ghá níos mó ná teagmhálaí amháin a cheapadh, ag brath ar líon na scoláirí a ghlacann páirt i gclár taithí oibre.

Céim 2: Aimsigh deiseanna taithí oibre

Beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag gach scoil chun deiseanna taithí oibre a aimsiú. Spreagann roinnt scoileanna scoláirí chun a dtaithí oibre féin a aimsiú agus tá comhpháirtíochtaí forbartha ag scoileanna eile le fostóirí sa phobal. Nuair a aimsíonn scoláirí a dtaithí oibre féin, ní mór don scoil an deis sin a fhaomhadh go foirmiúil.

Céim 3: Bailigh sonraí taithí oibre agus cuir faisnéis ar fáil don óstfhostóir

Moltar *Bileog Achomair maidir leis an Taithí Oibre*, atá in Aguisín B, a líonadh isteach i leith thaithí oibre gach scoláire. Leis sin, féachtar chuige go mbailítear an fhaisnéis ábhartha ar fad a bhaineann leis an taithí oibre. Breactar síos sa bhileog sin an méid seo a leanas:

- A. Sonraí an scoláire.
- B. Sonraí tuismitheora/caomhnóra.
- C. Sonraí na scoile.
- D. Sonraí an óstfhostóra.
- E. Sonraí sonracha lena n-áirítear fad ré na taithí oibre, uaireanta oibre, an cineál taithí oibre agus tascanna a bheidh le déanamh etc.

Ba chóir don scoil Codanna A, B agus C a líonadh isteach, i gcomhairle leis an scoláire, agus iad a shíniú. Ba chóir don scoláire/teagmhálaí scoile an bhileog a sheoladh chuig an óstfhostóir ansin. Líonann an t-óstfhostóir isteach Codanna D agus E den bhileog, síníonn sé í agus seolann sé díreach ar ais chuig an teagmhálaí scoile í nó tugann sé don scoláire í le tabhairt don scoil. Ag an gcéim seo, ba cheart *Treoirbhileog d'Óstfhostóirí* (Aguisín A) agus *Ráiteas Deimhnithe maidir le Slánaíocht Stáit* a thabhairt don óstfhostóir.

Ba cheart don óstfhostóir cóip a choinneáil dá thaifid. **Níor cheart dul ar aghaidh leis an taithí oibre go dtí go mbeidh an fhoirm curtha ar ais chuig an teagmhálaí scoile.**

Céim 4: Measúnú riosca agus ullmhúchán i leith na taithí oibre

Sula dtosófar i mbun na taithí oibre, ba cheart an *Seicliosta Measúnaithe ar Riosca roimh an Taithí Oibre* atá in Aguisín C a líonadh isteach. Cabhraíonn an seicliosta sin le scoileanna a chinntiú go bhfuil gach nós imeachta ábhartha curtha i bhfeidhm.

Déan measúnú ar oiriúnacht na taithí oibre i gcás gach scoláire:

Tá dualgas cúraim ar scoileanna a chinntiú go n-oireann an taithí oibre don scoláire atá i gceist. Bunaithe ar na sonraí a chuirtear ar fáil sa bhileog achomair maidir leis an taithí oibre, ní mór don scoil a mheas an oireann na tascanna a luaitear don scoláire agus ní mór di a bheith deimhin:

- go gcomhlíonfaidh an taithí oibre riachtanais foghlama an scoláire.
- nach mbeidh an scoláire i mbaol gortú nó díobháil intuartha.

Ba chóir rioscaí um chosaint leanaí a chur san áireamh freisin de réir pholasaí na scoile um chosaint leanaí. Is é an sainmhíniú ar leanbh ná aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois. Tá sé riachtanach go ndéanfaí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar aon duine a bhíonn ag gabháil d'obair ábhartha le leanaí.

Ba cheart taithí oibre a sheachaint sa chás ina mbeadh leanbh ag obair ina aonar nó ina haonar le duine fásta ar feadh tréimhsí fada.

Ba cheart gníomhaíochtaí ardriosca ar nós iad siúd a liostaítear thíos a sheachaint nó cead a fháil roimh ré ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát:

- Obair i suiteálacha nó gléasraí fuinnimh adamhaigh nó fuinnimh núicléach.
- Obair eitlíochta nó obair in aerfoirt (níl feidhm aige seo maidir le dualgais oibríochta ar an talamh nach mbíonn obair ar thaobh an aeir i gceist leo e.g. i dtolglann aerfoirt).
- Obair i mianaigh, i mianaigh ghuail nó i gcairéil.
- Obair i longchlóis ina ndéantar longa a bhriseadh ina bpíosaí nó a dheisiú.
- Tollánú nó obair i séaraigh.
- Obair lastaire nó obair bhaolach cois duga.
- Aon obair a bhaineann le pléascáin.
- Obair a dhéantar in oibreacha gáis nó aon ghás a chur isteach i sorcóir nó i mbairille.
- Leagan nó bearradh crann.
- Tochailtí faoi bhun trí mhéadar faoin talamh; obair ar leibhéal os cionn cúig mhéadar.
- Obair a dhéantar i dtaiscumair.
- Obair ar bháid nó ar thrálaeir.
- Obair a dhéantar in ionaid eachaíochta agus/nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seóléimní/marcaíochta capaill seachas grúmaeireacht faoi mhaoirseacht a dhéanamh ar chapail, stáblaí folmha a ghlanadh nuair a bheidh na capaill imithe astu, airnéis a ghlanadh agus dualgais chléireachais i leith na stáblaí.

Seisiúin faisnéise do scoláirí:

Roimh an taithí oibre, ba cheart don scoil scoláirí a chur ar an eolas faoin méid seo a leanas:

- aidhmeanna na taithí oibre.
- na freagrachtaí a bheidh ar na scoláirí agus iad i mbun taithí oibre.
- na cineálacha gníomhaíochtaí nár cheart dóibh páirt a ghlacadh iontu.
- na nósanna imeachta atá le leanúint má bhíonn aon deacrachtaí acu agus iad i mbun taithí oibre.

Ba chóir cóip den bhileog achomair maidir leis an taithí oibre, agus i líonta isteach, a thabhairt do gach scoláire.

Árachas:

Bítear ag súil leis go mbeidh dliteanas fostóra imleor (níl gá leis i gcás duine féinfhostaithe) agus árachas dliteanais phoiblí imleor ag óstfhostóirí. Is é €12.7 milliún an teorainn slánaíochta a bhíonn inghlactha de ghnáth i gcás clúdach dliteanais fostóra agus is é €6.5 milliún an teorainn a mholtar de ghnáth i leith clúdach dliteanais phoiblí.

Céim 5: Glacann an scoláire páirt sa taithí oibre

Is ar an óstfhostóir atá an phríomhfhreagracht maidir le sábháilteacht agus sláinte an scoláire agus é nó í i mbun taithí oibre. Caithfidh óstfhostóirí a chinntiú go ndéanfar measúnú riosca ar na gníomhaíochtaí a bhfuil an scoláire páirteach iontu agus go gcuirfear i bhfeidhm na rialuithe cuí. Ní mó an dualgas i dtaobh measúnú riosca a dhéanamh ar na cúraimí a leagtar ar an scoláire ná an gnáthcheanglas a bhíonn ar fhostóirí measúnú riosca a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a dhéanann na fostaithe. Níor cheart treoir a thabhairt do scoláirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí mura bhfuil na gníomhaíochtaí sin ag teacht lena gcumas agus lena gcuspóirí foghlama. Agus scoláirí i mbun taithí oibre, ba cheart iad a aicmiú i gcónaí mar scoláirí agus níor cheart a mheas choíche gur ball foirne breise iad. Ba cheart d'óstfhostóirí seisiún ionduchtúcháin maidir le sábháilteacht a sholáthar do scoláirí ina gclúdófar ar a laghad an méid seo a leanas (ní liosta uileghabhálach é):

- Eolas faoi rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí oibre agus faoi na rialuithe gaolmhara.

- Nósanna imeachta éigeandála.
- Nósanna imeachta maidir le tuairisciú a dhéanamh ar thionóiscí.
- Limistéir shrianta.
- Tascanna nach bhfuil cead acu a dhéanamh.

Céim 6: Meastóireacht a dhéanamh ar an taithí oibre

Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an taithí oibre i gcomhréir leis an gclár taithí oibre a bhfuil an scoláire rannpháirteach ann.

5.0 Tionóiscí a Thuairisciú

- Caithfidh óstfhostóirí an scoil a chur ar an eolas láithreach faoi aon tionóiscí a bhfuil baint ag na scoláirí leo agus a tharlaíonn le linn na taithí oibre.
- Ba chóir don scoil a chinntiú go leanfar na gnáthnósanna imeachta maidir le tionóiscí a thuairisciú agus a chinntiú freisin go gcuirfear tuismitheoirí an scoláire ar an eolas faoin rud a tharla.
- Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, tá dualgas reachtúil ar Scoileanna Pobail agus ar Scoileanna Cuimsitheacha [gach tionóisc a bhaineann le gníomhaíochtaí scoile](#) a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát laistigh de thréimhse réasúnta ama. Cuimsítear taithí oibre leis an gceanglas reachtúil sin. Ba cheart gach teagmhas a thuairisciú tríd an gCóras Náisiúnta um Bainistíocht Teagmhas (NIMS) agus is féidir sonraí an imscrúdaithe teagmhais a chur isteach ar an leathanach um imscrúdú teagmhais. Má tá deacracht agat maidir le NIMS a rochtain, déan teagmháil le Deasc Chabhrach NIMS ar 01 2384240 nó ag NIMSHelpdesk@ntma.ie
- I gcásanna ina mbeidh cóireáil leighis ó lia-chleachtóir cláraithe ag teastáil ón scoláire, caithfidh an t-óstfhostóir an tionóisc a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Is féidir tionóiscí a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar líne ar [a shuíomh gréasáin](#).
- Nuair a bhíonn taifid á gcoimeád nó á bpróiseáil, go háirithe sonraí pearsanta a bhaineann le daoine aonair, ní mór na ceanglais faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh. Féach ar Bheartas um Chosaint Sonraí ACCS do Scoileanna le haghaidh tuilleadh eolais. Tá sé ar fáil [anseo](#).

Aguisín A: Treoirbhileog d'Óstfhostóirí

A Óstfhostóir, a chara,

Go raibh maith agat as smaoineamh ar dheis taithí oibre a chur ar fáil do scoláire dár gcuid idir an ___/___/___ agus an ___/___/___. Tabharfaidh an deis oibre taithí luachmhar don scoláire ar an timpeallacht oibre agus cabhróidh sé leis nó léi taithí phraiticiúil a fháil agus gairm a roghnú agus cuirfidh sé lena scileanna tionscail. Tá pobal na scoile an-bhuíoch as na deiseanna a chuirtear ar fáil.

Féach iniata *Bileog Achomair maidir leis an Taithí Oibre* ina bhfuil sonraí tábhachtacha a bhaineann leis an taithí oibre lena n-áirítear:

- A. Sonraí an scoláire
- B. Sonraí tuismitheora/caomhnóra
- C. Sonraí teagmhála na scoile

Bheimis buíoch díot ach codanna D. Sonraí an Óstfhostóra agus E. Sonraí Taithí Oibre den Bhileog Achomair maidir leis an Taithí Oibre a líonadh isteach agus cóip shínte a sheoladh ar ais díreach chuig an scoil nó í a thabhairt don scoláire le tabhairt don scoil.

Féach thíos treoir faoin gclár taithí oibre. Ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh leis an scoil má tá aon cheist agat maidir leis an gclár.

Cad is taithí oibre ann?

Socrúchán gearrthéarmach do scoláirí le fostóirí áitiúla le linn na scoilbhliana atá i gceist leis an taithí oibre a dhéanann scoláire iar-bhunscoile. Is iad údaráis na scoile a eagraíonn an taithí oibre, i gcomhar leis an scoláire, agus is cuid lárnach de chlár oideachais an scoláire í.

Cén tairbhe atá le baint ag an óstfhostóir as an taithí oibre?

Leis an rannpháirtíocht i gcláir taithí oibre, bíonn an deis ag fostóirí:

- Páirt a ghlacadh in oideachas agus i bhforbairt ghairme daoine óga sa phobal.
- Cabhrú le daoine óga conairí gairme féideartha a mheas agus bealaí earcaíochta a fhorbairt don am atá le teacht.
- Naisc leis an bpobal a neartú agus cur leis an iomrá atá orthu mar ghnó.

Cén tairbhe atá le baint ag na scoláirí as an taithí oibre?

Leis na cláir taithí oibre, bíonn an deis ag scoláirí:

- Féachaint ar thascanna éagsúla á gcur i gcrích san ionad oibre.
- Cur lena gcuid eolais agus lena gcuid tuisceana agus iad a ullmhú i gcomhair an tsaol oibre.

Cad iad na róil a bheidh agam agus na freagrachtaí a bheidh orm agus mé i m' óstfhostóir?

- Timpeallacht shábháilte a chur ar fáil san ionad oibre agus maoirseacht chuí a dhéanamh ar an scoláire.
- Tascanna agus freagrachtaí a leagan ar na scoláirí chun teacht lena gcumas agus lena gcuispóirí foghlama.
- Féachaint chuige go ndéanfar measúnú riosca leordhóthanach ar thascanna a mbeidh an scoláire ag gabháil dóibh agus go gcuirfear na rialuithe riachtanacha i bhfeidhm. Ní mó an dualgas sin ná an gnáthcheanglas a bhíonn ar fhostóirí measúnú riosca a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a dhéanann na fostaithe.
- A chinntiú go gcuirfear ionduchtúchán ar fáil don scoláire lena n-áirítear treoir agus sonraí i dtaobh na dtascanna cuí, nósanna imeachta éigeandála, socruithe speisialta e.g. éide, éadaí cosanta etc.
- Tuairisciú láithreach don teagmhálaí scoile faoi aon tionóisc a raibh an scoláire bainteach léi.

Cad iad na gníomhaíochtaí nár cheart do scoláirí páirt a ghlacadh iontu?

Níor cheart do scoláirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí:

- Atá thar a gcumas fisiceach nó síceolaíoch.
- A mbaintear úsáid as saininnealra nó saintreamh lena linn.
- A dteastaíonn sainoiliúint ina leith.

An mbíonn scoláirí faoi chlúdach árachais agus iad ar shocrúchán oibre?

Tá Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha slánaithe ag an Stát, agus clúdaítear an taithí oibre faoi sin. Ciallaíonn sé sin go mbeidh an scoil slánaithe ag an Stát maidir le gach éileamh i leith díobháil phearsanta agus damáiste do mhaoín tríú páirtí, a eascraíonn as faillí na scoile. Féach ar an Ráiteas Deimhnithe maidir le Slánaíocht Stáit atá i gceangal leis seo agus a fheidhmíonn in ionad polasaí árachais. Toisc go bhfuil slánaíocht Stáit cumhdaithe sa reachtaíocht, ní shonraítear tréimhse chlúdaithe sa Ráiteas Deimhnithe maidir le Slánaíocht Stáit mar go bhfuil feidhm aige ón dáta eisithe. Ba chóir d'fhostóirí a sholáthraíonn taithí oibre do scoláirí a dhearbhu lena n-árachóir go bhfuil sé sin iomchuí. Tá árachas tionóisce pearsanta ag formhór na scoláirí faoina soláthraítear clúdach i leith costais leighis i gcás gortú timpisteach.

Is mise, le meas,

Príomhoide na Scoile

Aguisín B: Bileog Achomair maidir leis an Taithí Oibre

- Tá Codanna A, B agus C le líonadh isteach ag an scoil, i gcomhairle leis an scoláire, agus ní mór leagan sínithe a chur ar aghaidh chuig an óstfhostóir.
- Ansin caithfidh an t-óstfhostóir Codanna D agus E a líonadh isteach agus a shíniú agus an bhileog a chur díreach ar ais chuig an teagmhálaí scoile nó í a thabhairt don scoláire le tabhairt don scoil. Ba cheart don óstfhostóir leagan den bhileog, agus i líonta isteach, a choinneáil dá thaifid.

A. Sonraí an Scoláire		B. Sonraí Tuismitheora/Caomhnóra	
Ainm an scoláire:		Ainm tuismitheora/caomhnóra:	
Seoladh an scoláire:		Seoladh tuismitheora/caomhnóra:	
		Uimhir fón póca tuismitheora/caomhnóra:	
An bhfuil clúdach tionóisce pearsanta ag an scoláire? Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>		Uimhir teileafóin oibre tuismitheora/caomhnóra:	
Fadhbanna sláinte ábhartha atá ag an scoláire:			

C. Sonraí na Scoile	
Ainm na scoile:	Uimhir theileafóin na scoile:
Seoladh na scoile:	Seoladh ríomhphoist na scoile:
	Ainm an teagmhálaí:
	Uimhir theileafóin oibre an teagmhálaí:
	Seoladh ríomhphost oibre an teagmhálaí:
Sonraí árachais na scoile:	Slánaithe ag an Stát.

D. Sonraí an óstfhostóra (le líonadh isteach ag an Óstfhostóir)	
Óstfhostóir:	Uimhir theileafóin an óstfhostóra:
Seoladh an óstfhostóra:	Ainm an teagmhálaí:
	Ról an teagmhálaí:
	Uimhir theileafóin an teagmhálaí:
	Seoladh ríomhphost oibre an teagmhálaí:
Sonraí árachais an óstfhostóra:	Dlíteanas poiblí: <input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl Dlíteanas fostóra: <input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> N/B <small>D'fhéadfadh sé go n-iarrfadh an scoil cóipeanna de na doiciméid árachais.</small>

E. Sonraí na Taithí Oibre (le líonadh isteach ag an Óstfhostóir)	
Clár taithí oibre:	
Cineál taithí oibre:	Uaireanta oibre
Cur síos ar na tascanna a bheidh le déanamh:	

Deimhnigh, le do thoil, gur soláthraíodh na doiciméid seo a leanas don óstfhostóir:

Treoirbhileog d'Óstfhostóirí Ráiteas Deimhnithe maidir le Slánaíocht Stáit

Síniú: _____ Scoláire	Dáta: _____
--------------------------	-------------

Síniú: _____ Tuismitheoir/Caomhnóir	Dáta: _____
--	-------------

Síniú: _____ Teagmhálaí scoile	Dáta: _____
-----------------------------------	-------------

Síniú: _____ Thar ceann an Óstfhostóra	Dáta: _____
---	-------------

Aguisín C: Seicliosta Measúnaithe ar Riosca roimh an Taithí Oibre

Ba cheart don teagmhálaí scoile an seicliosta thíos a líonadh isteach i leith gach taithí oibre. Cabhraíonn an seicliosta lena chinntiú go bhfuil gach nós imeachta ábhartha i bhfeidhm sula dtéitear i mbun taithí oibre. Níor cheart dul i mbun taithí oibre go dtí go mbeidh an teagmhálaí scoile deimhin de go bhfuil na riachtanais uile i bhfeidhm.

Riachtanas	✓	✗
- Tá bileog achomair maidir leis an taithí oibre (Aguisín B), ina bhfuil sonraí an scoláire, an tuismitheora/caomhnóra, na scoile, an óstfhostóra agus na taithí oibre líonta isteach agus sínithe.		
- Ar bhonn na dtascanna a leagtar amach ar an mbileog achomair maidir leis an taithí oibre, oireann an taithí oibre don scoláire atá i gceist.		
- Tá an t-óstfhostóir ar an eolas faoi aon fhadhbanna sláinte a d'fhéadfadh cur isteach ar shábháilteacht agus sláinte an scoláire agus é nó í i mbun taithí oibre.		
- Cuireadh an scoláire ar an eolas faoi na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> - aidhmeanna na taithí oibre. - na freagrachtaí a bheidh ar na scoláirí agus iad i mbun taithí oibre. - na cineálacha gníomhaíochtaí nár cheart dóibh páirt a ghlacadh iontu. - na nósanna imeachta atá le leanúint má bhíonn aon deacrachtaí acu agus iad i mbun taithí oibre. 		
- Tá na nithe seo a leanas curtha ar fáil don óstfhostóir: <ul style="list-style-type: none"> - an bhileog achomair maidir leis an taithí oibre. - <i>Treoirbhileog d'Óstfhostóirí</i> - <i>Ráiteas Deimhnithe maidir le Slánaíocht Stáit</i> 		
- Tá árachas dliteanais fostóra agus árachas dliteanais phoiblí ag an óstfhostóir.		
- Chinntigh an t-óstfhostóir go bhfuil Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána* déanta i leith aon duine a bheidh ag obair leis an scoláire a bheidh i mbun taithí oibre.		
- Ag brath ar cé acu an mbeidh an scoláire ag obair le leanaí nó daoine leochaileacha nó nach mbeidh, tá ceanglas ar an scoil, trí Chumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha agus le cead na dtuismitheoirí, a eagrú go ndéanfar grinnfhiosrúchán i leith an scoláire. Mar shampla, má tá an scoláire ag obair i suíomh cúraim leanaí, i mbunscoil nó i suíomh cúraim.		

Tá na ceanglais go léir a leagtar amach thuas comhlíonta agus féadfaidh an scoláire dul i mbun taithí oibre:

Tá agus féadfaidh Níl agus ní fhéadfaidh

Síniú: _____

Thar ceann na Scoile

Dáta

**Tá sé riachtanach go ndéanfaí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i leith aon duine a bhíonn ag gabháil d'obair ábhartha le leanaí. Is é an sainmhíniú ar leanbh ná aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.*



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
State Claims Agency



Association of Community and Comprehensive Schools
Cumann na Scoilanna Pobail agus Cuimsitheacha